

Biseach

Cumann Forbartha Chois Fharraige

2006

Eagarfhocal

Cé gur cheap mé fhéin go raibh mé an-fhásta agus eolach ag an am, ag breathnú siar anois air ní raibh ionam ach seanghasúr agus mé ag obair le Cló Chois Fharraige i lár na seachtóidí. Ní raibh aon ríomhairí ná meaisíní galánta priontála san áit an uair sin, gan dabht, agus ní bheadh go ceann tamaill ina dhiaidh sin, ach fós féin bhí sprioc curtha os ár gcomhair go mbeadh leabhar nua Gaeilge á cur ar fáil do na scoileanna in aghaidh na míosa.

Níl mé cinnte ar éirigh linn an aidhm uasal sin a bhaint amach i gcónaí, ná riamh, ach aistríodh cuid mhaith téacsleabhar sna blianta sin a raibh Cló Chois Fharraige ag feidhmiú agus is iomaí sin scoil ar fud na tíre a bhain úsáid astu. Fiú nuair a chuaigh Cló i léig, bhain formhór na daoine a bhí ag obair san áit slí bheatha fhiúntach amach sa gceantar nó go háitiúil i gConamara ina dhiaidh sin.

Bhí cuid mhaith rannóga eile ag oibriú go fiúntach faoin am sin – portaigh, uisce, Clódóirí, FSO agus Coláistí Lurgan i rith an tsamhraidh – borradh aisteach fostaíochta in áit nach raibh mír meacain ar fáil tamall beag de bhlianta roimhe sin. Ach ní raibh muide ar fad ach ag baint leasa as an saothrú fadradharcach a bhí déanta ag an gCumann Forbartha agus ag muintir na háite ó 1966 ar

aghaidh agus iad ag gríosadh, ag spreagadh agus ag éileamh a leithéid de dhul chun cinn don cheantar.

Faraor, tá cuid de na daoine breátha a chur tús leis an réabhlóid sin imithe uainn ar Shlí na Fírinne anois ach ní ligfear a gcuid oibre i ndearmad go deo. Ar ndóigh tháinig daoine maithe ina n-áit le greim a choinneáil ar an rópa, tá siad ann go fóill agus iad ag saothrú leo chomh dian is a bhí riamh.

Ní hé stair Cumann Forbartha Chois Fharraige atá sa leagan seo de Bhiseach, ná tada mar é – beidh lá eile ann chuige sin. Comhartha aitheantais agus buíochais atá ann den dá scór bliain oibre atá déanta ag an gCumann agus ar bhain leis i bParóiste an Chnoic. Aitheantas freisin atá ann don chúnamh a fuair an ceantar ó dhaoine mórchroíocha in eagrais stáit agus eile ag tráthanna den tsaol nach raibh an comhoibriú agus an dea-thoil chomh fairsing i gcoitinne sna bólaí sin is atá le blianta beaga anuas.

Tá saothar déanta ach tá cuid mhaith eile fós le saothrú amach romhainn. Bíodh misneach agus díograis na mblianta atá caite ina ábhar misnigh agus spreagúlachta dúinn le tabhairt faoi na dúshlán sin ionas go bhfágfaidh muide an oidhreacht chéanna ag óige na linne seo agus a d'fhág an dream a tháinig romhainn.

Clár

Ábhar	Lch.
Ráiteas an Chathaoirligh	3
Dhá Scór Bliain	4
Cumann Forbartha	9
Séamus Ó Conghaile	17
Agóid	19
Filí Óga	25
Carnivale na bPleotaí	27
Glór na nGael, 2001	34
Glór na nGael, Béal Feirste	36
Smaointe an Iarchathaoirligh	39
An Cumann Drámaíochta	40
Na Máistrí	43
Lá Oidhreacht	51
Tearmann Éanna	52
Comórtas Peile na Gaeltachta ...	57
Liathróid Láimhe	61
Seanscéal	67
Paidreacha agus Rannta	69
Suirbhéireacht	70
Malibu	71
Imithe Amú	72
Forbairt	73
Cogar an tSaibhris	81
Céard a tharla i 1966?	82
Páipéir Bhána	83
Ardchomhrá	102
An tEalaíontóir	103
Na Sféir Sheoda	105